**ACHOIMRE AR BHUISÉAD 2023**
Seo iad na príomhbhearta cánach atá sa Ráiteas Buiséid dar dáta an 27 Meán Fómhair 2022, arna dhéanamh ag an Aire Airgeadais.

## Cáin Ioncaim

**Creidmheasanna Cánach**
Luaitear na hathruithe i **gcló trom.**

| Creidmheas Cánach | €2022 | €2023 |
|---|---|---|
| Duine singil | 1,700 | **1,775** |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta | 3,400 | **3,550** |
| Creidmheas Cánach | 1.700 | **1,775** |
| Creidmheas Cánach i | 1,700 | **1,775** |
| Baintreach (Fir nó Mná) nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach (gan leanbh cáilitheach) | 2,240 | **2,315** |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do | 1,650 | 1,650 |
| Creidmheas Cánach i | 3,300 | 3,300 |
| **Creidmheas Cánach na nDall – Duine singil**<br><br>Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta:<br>• Céile nó páirtnéir sibhialta amháin dall<br>• An bheirt céile nó pháirtnéirí sibhialta dall | 1,650<br><br>1,650<br><br>3,300 | 1,650<br><br>1,650<br><br>3,300 |
| **Tuismitheoir i mBaintreachas**<br>• Faoi mhéala in 2022<br>• Faoi mhéala in 2021<br>• Faoi mhéala in 2020<br>• Faoi mhéala in 2019 | -<br>3,600<br>3,150<br>2,700 | 3,600<br>3,150<br>2,700<br>2,250<br>- |
| **Creidmheas Cánach Aoise**<br>• Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach<br>• Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta | 245<br><br>490 | 245<br><br>490 |
| Gaol Cleithiúnach | 245 | 245 |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Baile | 1,600 | **1,700** |

**Creidmheas Cánach do Chíosóirí**
Tabharfar creidmheas cánach nua isteach do cháiníocóirí atá ag íoc cíos ar a bpríomháit chónaithe phríobháideach. Beidh an creidmheas ar fáil i leith 2022 agus blianta measúnachta ina dhiaidh. Beidh sé luacháilte suas go dtí €500 sa mbliain agus ní bheidh sé ar fáil ach do cháiníocóirí nach bhfuil ag fáil tacaíochtaí tithíochta eile. Cuirfear tuilleadh eolais maidir leis an gcritéir cháilitheachta don chreidmheas seo agus an próiseas trína bhféadfar é a éileamh ar fáil ar www.revenue.ie nuair a fhoilsítear an Bille Airgeadais.

**Creidmheas Cánach do Phearsanra Muirghabhála Cabhlaigh**
Tá síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2023 curtha leis an gCreidmheas Cánach €1,500 do Phearsanra Muirghabhála Cabhlaigh.

**Rátaí Cánach agus Bandaí Cánach**
Luaitear na hathruithe i **gcló trom.**

| Cúinsí Pearsanta | €2022 | €2023 |
|---|---|---|
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, gan leanbh cáilitheach | 36,800 @ 20% Iarmhéid @ 40% | **40,000 @ 20%** Iarmhéid @ 40% |
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, incháilithe le haghaidh creidmheas cánach cúramóra linbh do dhuine singil | 40,800 @ 20% Iarmhéid @ 40% | **44,000 @ 20%** Iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, ioncam ag céile nó páirtnéir sibhialta amháin | 45,800 @ 20% Iarmhéid @ 40% | **49,000 @ 20%** Iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, ioncam ag an mbeirt céile nó páirtnéirí sibhialta | 45,800 @ 20% le méadú 27,800 uas. Iarmhéid @ 40% | **49,000 @ 20%** le **méadú 31,000 uas.** Iarmhéid @ 40% |

**Teorainneacha díolúine**
Níor athraíodh na teorainneacha díolúine i leith Cáin Ioncaim do dhaoine 65 bliain d'aois nó níos sine.

| Cúinsí Pearsanta | €2022 | €2023 |
|---|---|---|
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, 65 bliain d'aois nó níos sine | 18,000 | 18,000 |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, 65 bliain d'aois nó níos sine | 36,000 | 36,000 |

Méadaítear na teorainneacha díolúine seo €575 do gach duine de na chéad bheirt leanaí cleithiúnacha, agus €830 don tríú leanbh agus gach leanbh eile dá éis sin.

**Asbhaint Tuilleamh Eachtrach (ATE)**
Féadfaidh daoine atá cónaitheach in Éirinn chun críocha cánach, a chaitheann roinnt ama ag obair thar lear i dtíortha cáilitheacha cáiliú don ATE faoi réir coinníollacha áirithe. Tá síneadh ama curtha leis an asbhaint seo ar feadh trí bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2025.

**Clár Faoisimh do Shannaí Speisialta (CFSS)**
Féadfaidh fostaithe ar leith a leagtar cúram orthu obair a dhéanamh in Éirinn ó áit thar lear, cáiliú le haghaidh

CFSS faoi réir coinníollacha cáilitheacha. Tá síneadh ama curtha leis an bhfaoiseamh seo ar feadh trí bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2025. Tá an tairseach ioncaim is ísle d'iontrálaithe nua á ardú ó €75,000 go €100,000 sa mbliain.

**Díolúine i leith Sochar Beag**
Tá an luach iomlán de shochair agus dearbháin saor ó cháin gur féidir le fostóir a thabhairt do fhostaí ardaithe ó €500 go €1,000 sa mbliain. Tá líon na ndearbhán cáilitheach nó dreasachtaí tar éis ardú ó cheann amháin go dhá cheann sa mbliain. Baineann an t-athrú seo le 2022 agus blianta ina dhiaidh.

## Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)

**Rátaí Caighdeánacha MSU**
Luaitear na hathruithe i leith MSU **i gcló trom**. Níl aon athrú ar rátaí MSU.

| Tairseacha MSU | | | |
|---|---|---|---|
| **2022** | **Ráta** | **2023** | **Ráta** |
| Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% | Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% |
| Ioncam ó €12,012.01 go dtí €21,295.00 | 2.0% | Ioncam ó €12,012.01 go dtí **€22,920.00** | 2.0% |
| Ioncam ó €21,295.01 go dtí €70,044.00 | 4.5% | Ioncam ó **€22,920.01** go dtí €70,044.00 | 4.5% |
| Ioncam os cionn €70,044.00 | 8.0% | Ioncam os cionn €70,044.00 | 8.0% |

**Rátaí Laghdaithe MSU**
Baineann an ráta laghdaithe MSU le daoine aonair os cionn 70 bliain d'aois arb ionann a n-ioncam comhiomlán don bhliain agus €60,000 nó níos lú.

Beidh an ráta laghdaithe MSU i bhfeidhm i 2023 do dhaoine aonair faoi 70 bliain d'aois a bhfuil cárta sláinte iomlán acu arb ionann a n-ioncam comhiomlán don bhliain agus €60,000 nó níos lú.

| Tairseacha MSU - Rátaí Laghdaithe | | | |
|---|---|---|---|
| **2022** | **Ráta** | **2023** | **Ráta** |
| Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% | Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% |
| Ioncam os cionn €12,012.00 | 2.0% | Ioncam os cionn €12,012.00 | 2.0% |

- Nóta 1: Ní áirítear in ioncam 'comhiomlán' chun críocha MSU aon íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS).
- Nóta 2: Ní mheastar cárta 'Dochtúir Ginearálta amháin' a bheith ina chárta sláinte iomlán chun críocha MSU.

## Cáin Chorparáide (CC)

**Bosca Forbartha Eolais (BFE)**
Tá síneadh ama curtha leis an BFE go dtí an 1 Eanáir 2027 i gcás cuideachtaí cáilitheacha. Ardófar an ráta cánach éifeachtach go dtí 10% agus tiocfaidh sin i bhfeidhm ar dháta a leagfar amach san Ordú um Thosach Feidhme.

**Creidmheas Cánach Taighde agus Forbartha (T&F)**
Tá roinnt leasuithe i gceist leis an gcreidmheas cánach T&F, lena n-áirítear:
- Córas íocaíochta seasta nua trí bliana
- An rogha chun éileamh a dhéanamh ar íocaíocht an chreidmheasa cánach T&F incháilithe nó iarratas a dhéanamh chun an creidmheas cánach T&F a fhritháireamh in aghaidh dliteanas cánach eile
- Na huasteorainneacha atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil leis an méid iníoctha den chreidmheas cánach T&F a bhaint
- Beidh an chéad €25,000 de chreidmheas cánach T&F iníoctha anois i mbliain a haon.

Beidh bearta idirthréimhseacha i bhfeidhm ar feadh bliain amháin, chun cabhrú le cuideachtaí a bhfuil ag baint leas as creidmheasanna cánach T&F cheana féin aistriú chuig an gcóras nua íocaíochta.

**Clár Rannpháirtíochta Príomhfhostaithe (CRPF)**
Tá síneadh go dtí an 31 Nollaig 2025 á chur leis an CRPF arís, leis na hathruithe seo a leanas:
- Foráil a dhéanamh i leith aischeannach scaireanna CRPF ag an gcuideachta ó fhostaithe agus
- Meadú i luach margaidh incheadaithe na gcuideachtaí a cháilíonn don CRPF ó €3 milliún go dtí €6 milliún.

**Faoiseamh Scannán Alt 481**
Cuirfear síneadh ama ceithre bliana leis an dreasacht seo chun scannáin deimhnithe suas leis an 31 Nollaig 2028 a chur san áireamh.

**Tobhach ar Tháirgí Lochtacha Coincréite**
Cuirfear tobhach nua i bhfeidhm ar bhloic coincréite, coincréit a dhoirteadh agus táirgí coincréite áirithe eile ón 3 Aibreán 2023 ag ráta 10%.

**Áiseanna Stórála Sciodair**
Tá scéim trí bliana á thabhairt isteach i leith liúntais chaipitil luathaithe d'áiseanna stórála sciodair a thógáil. Leagfar na sonraí uile amach sa Bhille Airgeadais.

## Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC)

Ní dhéanfar aon athrú le haghaidh CFC.

## Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC)

**Faoiseamh i leith Athstruchtúrú Feirme (CGC)**
Tá síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2025 á chur leis an bhfaoiseamh i leith athstruchtúrú feirme CGC. Tá sé seo faoi réir críochnú na bhfadhbanna i ndáil leis an Rialachán Blocdhíolúine Talmhaíochta ag leibhéal AE.

## Dleacht Stampa

**Faoiseamh d'Fheirmeoirí Óga Oilte**
Cuirfear síneadh leis an bhfaoiseamh seo, a bhí dlite dul in éag ag deireadh na bliana seo. Braitheann fad an tsínidh ar thoradh na n-idirbheartaíochta maidir leis an Rialachán Blocdhíolúine Talmhaíochta ag leibhéal AE.

**Faoiseamh i leith Comhdhlúthú Feirme (Dleacht Stampa)**
Cuirfear síneadh leis an bhfaoiseamh seo, a bhí dlite dul in éag ag deireadh na bliana seo. Braitheann fad an tsínidh ar thoradh na n-idirbheartaíochta maidir leis an Rialachán Blocdhíolúine Talmhaíochta ag leibhéal AE.

**Tobhach bainc**
Tá síneadh ama bliana eile go dtí 2023 á chur leis an tobhach bainc. Cosúil le 2022, ríomhfar é seo trí thagairt a dhéanamh do thaiscí a bhí ag bainc in 2019. Tá taiscí de chuid KBC Bank Ireland cpt agus Ulster Bank Ireland DAC eisiata ón mhuirear arís.

**Scéim Aisíocaíochta Dleachta Stampa i leith Forbraíochtaí Cónaithe**
Tá síneadh ama trí bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2025 á chur leis an Scéim Aisíocaíochta i leith Forbraíochtaí Cónaithe.

## Maoin

**Cabhair le Ceannach (CLC)**
Tá síneadh ama eile go dtí an 31 Nollaig 2024 á chur leis an leagan feabhsaithe reatha den scéim CLC.

**Speansais réamh-ligin ar áitribh fholmha chónaithe**
Leasaíodh an faoiseamh do speansais réamh-ligin a bhaineann le hioncam agus a thabhaítear ar mhaoin chónaithe a leanann de bheith folamh:

- Méadaíodh an t-uasteorainn ar speansais réamh-ligin incheadaithe ó €5,000 go dtí €10,000 agus
- Laghdaíodh an íosthréimhse folmhaithe ó 12 mhí go dtí sé mhí.

Beidh an faoiseamh seo ar fáil le haghaidh speansais cháilitheacha a thabhaítear suas le deireadh 2024. Beidh an faoiseamh faoi réir aisghlámadh má tharraingítear an mhaoin siar ón margadh cíos taobh istigh de cheithre bliana ó dháta an chéad ligin nó má dhíoltar an mhaoin.

**An Tionscnamh Cathrach Beo**
Tá síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2027 á chur leis an Tionscnamh Cathrach Beo. Faoin scéim, féadfaidh airgead a chaitear ar athchóiriú nó obair athchóirithe a dhéantar suas go dtí an dáta nua foirceanta seo cáiliú le haghaidh faoiseamh cánach.

## Cáin ar Thithe Folmha

Tabharfar isteach cáin ar thithe folmha in 2023. Cuirfear an cháin i bhfeidhm ar mhaoine cónaithe a mbíonn cónaí iontu ar feadh níos lú ná 30 lá i dtréimhse dhá mhí dhéag. Gearrfar an cháin ag trí oiread an bunráta cánach maoine áitiúla a bhaineann leis an maoin. Beidh díolúintí ar fáil i gcúinsí áirithe. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil ar www.revenue.ie nuair a fhoilsítear an Bille Airgeadais.

## Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe (CTCC)

Tugadh an CTCC isteach in Acht Airgeadais 2021. Dearadh é le go spreagfar gníomhachtú ar thalamh forbraíochta cónaithe arna chriosú agus arna sheirbhísiú le haghaidh tithíochta. Tá léarscáileanna chun talamh taobh istigh de scóip na cánach a aithint á n-ullmhú ag Údaráis Áitiúla. Foilseofar an chéad cheann de na léarscáileanna seo ar an 1 Samhain na bliana seo.

Áireofaí sa Bhille Airgeadais leasuithe le cinntiú go ndéantar CTCC a riar go héifeachtach. Tiocfaidh an cháin i bhfeidhm in 2024.

## Cáin Bhreisluacha (CBL)

**Soláthairtí gáis agus leictreachais**
Tá síneadh ama go dtí an 28 Feabhra 2023 curtha leis an dara ráta laghdaithe CBL de 9% a bhaineann le soláthairtí gáis agus leictreachais faoi láthair.

**Breis Cothromráta d'Fheirmeoirí**
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, laghdófar an breis cothromráta d'fheirmeoirí ó 5.5% go dtí 5%.

**Táirgí míosta**
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, laghdófar an ráta CBL ar tháirgí míosta, brístí míosta agus maipín míosta ón ráta laghdaithe de 13.5% go dtí 0%.

**Uath-Dhífhibrileoirí Seachtracha**
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, laghdófar an ráta CBL ar uath-dhífhibrileoirí seachtracha ón ráta caighdeánach de 23% go dtí 0%.

**Nuachtáin agus Tréimhseacháin**
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, laghdófar an ráta CBL ar nuachtáin agus tréimhseacháin ón dara ráta laghdaithe de 9% go dtí 0%. Áirítear leis seo nuachtáin agus tréimhseacháin a sholáthraítear go leictreonach.

**Cógas nach gcaitear de bhéal lena caitheamh ag duine**
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, laghdófar an ráta CBL ar chógas nach gcaitear de bhéal lena caitheamh ag duine a sholáthraítear chun críche Teiripe Athsholáthair Hormón nó Teiripe Athchurtha Nicitín ón ráta caighdeánach 23% go dtí 0%.

**Earnáil fáilteachais**
Leanfaidh an ráta laghdaithe CBL 9% le haghaidh na hearnála fáilteachais ar aghaidh go dtí an 28 Feabhra 2023.

## Mál

**Cáin ar Tháirgí Tobac (CTT)**
Tá na rátaí CTT á mhéadú le héifeacht ón 28 Meán Fómhair 2022. Is éard atá sa mhéadú ná 50 cent, CBL san áireamh, ar phaicéad 20 toitín, agus méaduithe pro rata ar tháirgí eile tobac.

**Faoiseamh le haghaidh Micreaghrúdlanna ó Dhleacht Mháil ar Tháirgí Alcóil**
Laghdaíonn an faoiseamh seo an ráta caighdeánach cánach ar Tháirgí Alcóil faoi 50%. Cuirfear é i bhfeidhm ar bheoir a tháirgítear i ngrúdlanna agus beidh sé ar fáil do ghrúdlanna beaga a tháirgíonn suas le 75,000 heictilítear in aghaidh na bliana. Leanfar d'fhaoiseamh a thabhairt suas le 30,000 heictilítear in aghaidh na bliana.

**Faoiseamh le haghaidh Táirgeoirí Beaga Leann Úll agus Leann Piorraí ó Dhleacht Mháil ar Tháirgí Alcóil**
Tá faoiseamh nua á thabhairt isteach nua a laghdóidh an ráta caighdeánach cánach ar Tháirgí Alcóil faoi 50%. Cuirfear é i bhfeidhm ar leann úll agus leann piorraí a bhfuil níos mó ná 2.8% toirte iontú ach nach bhfuil níos mó ná 8.5% toirte iontu, táirgthe ag táirgeoirí cáilitheacha beaga. Chun críche an fhaoisimh seo, is éard atá i gceist le táirgeoirí beaga leann úll agus leann piorraí ná iad siúd nach dtáirgeann breis agus 10,000 heictilítear leann úll, leann piorraí nó iad araon in aghaidh na bliana. Tabharfar faoiseamh suas le 8,000 heictilítear in aghaidh na bliana.

**Dleacht Mháil ar Cheadúnais Licéir - Orduithe Díolúine Speisialta**
Déanann an Cúirt Dúiche Orduithe Díolúine Speisialta a dheonú do shealbhóirí ar-cheadúnais agus tugann siad cead alcól a dhíol agus a ól in áitreabh ceadúnaithe i ndiaidh na ngnáthuaireanta trádála. Tá laghdú ó €110 go dtí €55 ar an ráta dleachta máil ar Orduithe Díolúine Speisialta, a ndeonófaí ar an 28 Meán Fómhair 2022.

## Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF)

Ní dhéanfar aon athrú le haghaidh CCF.

## Cánacha Carbóin ar Tháirgí Fuinnimh

**Rátaí Cánach Ola Mianra (COM)**
Ón 12 Deireadh Fómhair 2022, méadófar an chomhchuid carbóin den COM, bunaithe ar €48.50 an tona $CO_2$, agus beidh méaduithe i leith an ráta foriomláine COM ar an méid seo a leanas:

- peitreal (ag méadú go dtí €483.34 an 1,000 lítear)
- mótardhíosal (ag méadú go dtí €425.45 an 1,000 lítear)
- gásailín eitlíochta (ag méadú go dtí €483.34 an 1,000 lítear)
- ola throm a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht aeir agus loingseoireacht phríobháideach phléisiúir (ag méadú go dtí €425.45 an 1,000 lítear).

**Ráta na Cánach Carbóin ar Ghás Nádúrtha (CCGN)**
Ón 1 Bealtaine 2023, bunaithe ar €48.50 an tona $CO_2$, tiocfaidh méadú ar an ráta CCGN suas go dtí €8.77 in aghaidh na huaire meigeavata ag luach calrach comhlán.

**Rátaí Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach (CCBS)**
Bunaithe ar €48.50 an tona $CO_2$, tiocfaidh méadú ar na rátaí CCBS ón 1 Bealtaine 2023:

- gual (ag méadú go dtí €127.74 an tona)
- bricíní móna (ag méadú go dtí €88.93 an tona)
- móin mheilte (ag méadú go dtí €44.07 an tona)
- móin eile (ag méadú go dtí €66.10 an tona).

## Scéim Tacaíochta Sealadaí um Fhuinneamh Gnó (STSFG)

Cabhróidh an Scéim Tacaíochta Sealadaí um Fuinneamh Gnó (STSFG) le gnóthaí lena gcostais fuinnimh thar mhíonna an gheimhridh. Beidh an scéim ar oscailt do ghnóthaí a bhfuil:

- comhlíontach ó thaobh cánach de
- trádáil Chás I ar bun acu
  agus
- a bhfuil méadú suntasach tagtha ar a meánphraghas aonaid gáis nádúrtha agus leictreachais idir an tréimhse bille iomchuí in 2022 agus an tréimhse chomhfhreagrach tagartha in 2021.

Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an scéim a riar. Iarrfar ar ghnóthaí clárú don scéim agus éilimh a dhéanamh taobh istigh de na teorainneacha ama iarrtha. Beidh tuilleadh sonraí ar fáil ar www.revenue.ie go luath.

**Séanadh Dlíthiúil**
Tá sé i gceist go dtabharfadh an bhileog seo cur síos ar an ábhar i dtéarmaí ginearálta. Mar sin, ní dhéantar iarracht gach ceist a chlúdach inti a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an ábhar. Níl sí ceaptha a bheith ina léirmhíniú dlíthiúil ar na forálacha reachtúla agus mar sin, ní fhéadtar glacadh le haon dliteanas a thabhaítear nó caillteanas a fhulaingítear mar thoradh ar bheith ag brath ar aon ábhar atá foilsithe istigh anseo.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

www.revenue.ie

**Tugtha cothrom le dáta ar an 28 Meán Fómhair 2022.**